Coimeád amuigh an taise

Gníomhaíocht

Fearas	Ciúbanna siúcra, coimeádán beag (m.sh. pláta nó fochupán), uisce, dath bia, píosaí ábhair le tástáil a dhéanamh orthu (m.sh. plaisteach, tuáille, páipéar cistine, páipéar gréiscdhíonach).
Ranganna	Rang a 1 – Rang a 6.
Ullmhúchán	Ní gá.
Cúlra	Bíonn seantithe tais go minic mar ní bhíonn 'cúrsa taisdíonach' iontu. Súnn brící taise ón talamh (féach ar an nGníomhaíocht sa phacáiste ar Ionsú) agus gluaiseann an taise seo aníos na ballaí (tugtar 'taise aníos' uirthi go minic). I dtithe atá níos nua, cuirtear sraith plaisteach (nó ábhar neamhshúiteach eile) idir na brící in aice na talún sa chaoi nach féidir leis an taise gluaiseacht aníos. Tugtar 'cúrsa taisdíonach' air seo. Tá an-tábhacht freisin le haerú (cúrsaíocht aeir) chun an taise a chosc.
Sprioc Cheisteanna	Cad í taise? Is uisce a ghluaiseann ón talamh trí ábhair í taise. Cad é comhdhlúthú? Nuair a dhéanann uisce ón aer braoiníní ar dhromchlaí fuara, is comhdhlúthú é. Cá mbeadh taise le feiceáil? Cá bhfeicfeá comhdhlúthú? An dtugann tú cuairt ar sheantithe riamh? An bhfuil siad difriúil ó thithe nua? Cen sórt bolaidh atá iontu? Cén fath a mbíonn siad tais go minic? Cén chuma a bhíonn ar bhallaí taise? (Paistí dubha, múscán, péint / plástar ag titim de na ballaí agus araile).
Naisc Thraschuraclam	Stair – mar a mhair daoine in Éirinn (stíl mhaireachtála, sórt tithe agus araile) Tír Eolaíocht – tithe le ballaí feidín
Scileanna	Ag tuar, ag imscrúdú, ag déanamh turgnamh

Coimeád amuigh an taise

Gníomhaíocht

Gníomhaíochtaí	**Aidhm an Imscrúdaithe:** ***Cé acu ábhar is fearr mar chúrsa taisdhíonach?*** 1. Cuir beagainín uisce sa choimeádán. Cuir cupla braon den dath bia isteach (ar an gcaoi seo, bíonn sé níos éasca an taise a fheiceáil ag éirí aníos). 2. Cuir roinnt ciúbanna siúcra, ceann i mullach a chéile, isteach san uisce. Fan cúpla nóiméad go bhfeicfidh tú cad a tharlóidh. 3. Cuir ciúb eile siúcra isteach san uisce. Cuir píosa de thuáille ar a bharr agus cuir ciúb eile siúcra ar a bharr sin arís. Cad a tharlaíonn? 4. Déan Treoir a 3 arís agus arís eile ag cur píosaí ábhar éagsúil isteach idir an ciúb ag bun agus an dara ciúb gach uair. Cé acu de na hábhair seo ab fhearr, dar leat, mar chúrsa taisdhíonach, dá mbeifeá ag tógáil tí?
Safety	**Bí cúramach leis an uisce.**
Follow-up activities	Amaigh an fad a thógann sé ar an uisce leibhéal áirithe a shroicheadh m.sh. barr an dara ciúb.
References	Pacáiste Discover Primary Science – Gníomhaíocht ar Ionsú. Eureka, Irish Independent, Imleabhar 2, Eagrán 9, Samhain 2005